


An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

Institiúid Oideachais Marino

Tuairisc Chun Dáta (4 Meitheamh, 2019)

Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

Aodán Mac Suibhne (Comhordaitheoir an Bhaitisiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, Ionadaí Chomhdháil Cheannasaithe na gColáistí Oideachais in Éirinn (*CHOICE*))



- **Aibreán, 2019:** Eisíodh torthaí na scrúduithe TEG, Leibhéal B1 (a rinne na scoláirí ar an Satharn, 23 Feabhra) do na scoláirí ag tús Mhí Aibreáin agus d’Institiúid Oideachais Marino ar 12 Aibreán. Maidir le torthaí na scoláirí a rinne na scrúduithe sin, fuair 48 as 123 de na scoláirí (i.e. 39% de na scoláirí) Gradam (i.e. idir 80% agus 100%). Fuair 56 as 123 de na scoláirí (i.e. 46% de na scoláirí) Tuillteanas (i.e. idir 65% agus 79%). Fuair 13 as 123 de na scoláirí (i.e. 11% de na scoláirí) Pas (i.e. idir 50% agus 64%). Fuair 6 as 123 de na scoláirí (i.e. 4% de na scoláirí) Teip (i.e. idir 0% agus 49%). Léiríonn na figiúirí sin go bhfuair 85% de na scoláirí 65% nó níos airde sna scrúduithe TEG.

Scoláirí nach raibh in ann na scrúduithe TEG a dhéanamh ar 23 Feabhra ar chúiseanna éagsúla (mar shampla, bhí na scrúduithe HPAT ar siúl ar an lá céanna), bhí deis eile acu na scrúduithe TEG a dhéanamh ar 11 Bealtaine. Meastar gur thart ar 10 scoláire a bhí i gceist. Táthar ag súil le torthaí na scrúduithe sin i lár Mhí an Mheithimh.

Maidir le scoláirí a raibh Pas (50% nó níos airde) faighte acu cheana féin (roimh 23 Feabhra) sna scrúduithe TEG Leibhéal B1 (nó grád TEG níos airde), ní raibh ar na scoláirí sin na scrúduithe TEG Leibhéal B1 a dhéanamh arís. I láthair na huairé tá Oifig an Chláraitheora san Institiúid i dteagmháil leis na scoláirí sin ag iarraidh orthu cruachóip nó cóip scanáilte dá dteastais TEG a chur chuig an oifig sin ionas go mbeidh Oifig an Chláraitheora in ann torthaí TEG na ndaoine sin a fhíorú le hOifig TEG.

Arís, tá an Institiúid an-bhuíoch d’Oifig TEG as a gcomhoibriú leanúnach.

- **Bealtaine, 2019:** Maidir leis an Lár-Oifig Iontrála (CAO), ar 22 Bealtaine, 2019 bhí 81 scoláire tar éis an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a chur síos mar an chéad rogha, i.e. 77 scoláire do CM003 agus 4 scoláire do CM004 (an dara bealach do scoláirí Gaeltachta). Bhí an chéim luaite ag 243 scoláire san iomlán. D’fhéadfadh na figiúirí sin méadú nó titim mar gur féidir le scoláirí a n-aighe a athrú aon am go dtí 1 Iúil.

- **Máirt, Aibreán, Bealtaine, 2019:** Is díol suntais é nach bhfuil an chéim curtha síos mar an chéad rogha ach ag 4 scoláire Gaeltachta leis an Lár-Oifig Iontrála (CAO). Mar eolas, tá an chéim mar an dara rogha ag 6 scoláire Gaeltachta agus mar an tríú rogha ag 5 scoláire Gaeltachta. Maidir leis an bhfeachtas margaíochta don chéim, tá cuairteanna tugtha ag an Oifigeach Margaíochta / Oifigeach Gaeilge, Caoileann Ní Dhonnchadha ar 71 scoil ar fad sa bhliain acadúil seo agus caidreamh bunaithe aici leis na múinteoirí gairmthreorach sna scoileanna sin, rud a chabhróidh go mór leis an obair mhargaíochta sna blianta atá romhainn. Tá sí fós ag tabhairt tosaíochta d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta, cuid acu a bhfuil dhá chuairt tugtha aici orthu. Tá cuairteanna tugtha freisin aici, ar ndóigh, ar na Gaelcholáistí ar fad agus ar mheánscoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc go háirithe nuair a thugtar cuireadh di cuairt a thabhairt orthu.

Tá Caoileann tar éis freastail ar 11 lá ghairmeacha agus d'fhreastail sí ar Chomhdháil na gComhairleoirí Gairmthreorach i Mí Aibreáin. Labhair sí faoin gcéim ar *Tús Áite* ar Raidió na Gaeltachta ar 16 Eanáir agus bhí mír ar *Nuacht TG4* faoin gcéim ar 17 Eanáir. Labhair sí faoin gcéim ar *An Saol ó Dheas* ar Raidió na Gaeltachta ar 13 Márta agus arís ar 16 Márta. Bhí alt faoin gcéim ar *Tuairisc.ie* ar 12 Aibreán.

Tá feachtas an-láidir ar siúl ag Caoileann sna meáin shóisialta. Tá 1,700 leantóir ag an gcéim ar *Instagram* agus gach postáil a dhéantar ar *Instagram* ar na *scéilíní* (a bhíonn le feiceáil ar feadh 24 uair an chloig) bíonn 600-900 (ardaithe) radharc ann. Déantar postáil gach 2-3 lá agus de ghnáth faightear 50-120 "Is maith liom.". Tá 400 (ardaithe) leantóir ar Twitter.

Maidir leis an dara bliain den chéim (2020/2021), i rith an tsamhraidh, is é sin i rith na míosa seo, i Mí Iúil agus i Mí Lúnasa tá sé ar intinn ag an Oifigeach Margaíochta cuairteanna a thabhairt ar na Gaeltachtaí ar fad chun bolscaireacht a dhéanamh don chéim sna Coláistí Gaeltachta/Samhraidh agus i láthair na huairé tá Coláistí Gaeltachta/Samhraidh ag glacadh le cuireadh uathu cuairteanna a thabhairt orthu.

Tá an Institiúid fíorshásta le éifeacht na Straitéise Margaíochta.

- **Bealtaine, Meitheamh, 2019:** De réir an aischothaithe atá faighte againn ón Oifigeach Margaíochta is í an chúis is mó a bhaineann leis an líon beag scoláirí Gaeltachta a bhfuil an chéim á cur síos acu ná costas an lóistín i mBaile Átha Cliath. I gcomhthéacs cúrsaí airgeadais, gheobhaidh gach mac léinn a chláraíonn ar an gcéim sparánacht de 1,000 Euro chun cabhrú le costas an lóistín / an taistil sa chéad bhliain amháin dá gcéim. Beidh deontais *Susi* ann, ar ndóigh, do mhic léinn a bheidh i dteideal na deontais sin a fháil. Maidir le mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, tá na mic léinn ionchasacha ar fad don chéim curtha ar an eolas go díreach (i ríomhphost, ar Instagram agus ar Twitter) faoi *Sparánacht 'Ceannairí agus Foghlaimeoirí' 1916* atá ar fáil ó Institiúid Oideachais Marino. Is fiú €5,000 sa bhliain ar feadh ceithre bliana Sparánacht 1916 agus is é seo a leanas an nasc (le téarmaí agus coinníollacha, spriocdháta agus araile) a cuireadh chuig na scoláirí chun cabhrú leo a fháil amach an bhfuil siad i dteideal cur isteach ar Sparánacht: https://www.mie.ie/ga/Ag_Staidear_Linn/Sparanacht_%E2%80%98Ceannairi_a_gus_Foghlaimeoiri%E2%80%99_1916/

Ag eascairt as moladh ón gcrúinniú den Ghrúpa Monatóireachta don chéim sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar 14 Bealtaine, rinne an tOifigeach Margaíochta teagmháil arís le hiarbhunscoileanna Gaeltachta Deis chun iad a chur ar an eolas arís faoi na sparánachtaí agus

chun deis a thabhairt dóibh cuairt eile a fháil ón Oifigeach Margaíochta ach luadh leis an Oifigeach Margaíochta nárbh am oiriúnach é le scrúduithe ar siúl / ag teacht agus araile. Ag eascairt as moladh eile ón nGrúpa Monatóireachta, rinne Institiúid Oideachais Marino teagmháil leis an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta chun féidearthachtaí a phlé maidir le cúnamh airgeadais a lorg ón bhfoinse sin agus tá obair air sin ag dul ar aghaidh.

- **Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, 2019:** Tá Polasaí Teanga nua agus Scéim Teanga nua don Institiúid dréachtaithe le cinntiú go mbeidh na mic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in ann an oiread agus is féidir dá ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tá an tOifigeach Margaíochta/an tOifigeach Gaeilge i gcumarsáid i láthair na huair le Diarmaid Ó Mórdha, Príomh-Oifigeach Cúnta, Rannóg Acht na dTeangacha Oifigiúla, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun an dréacht de Scéim Teanga na hInstitiúide a phromhadh agus chun moltaí a fháil uaidh. Maidir leis sin, tá fógra ar *Tuairisc.ie* chun aighneachtaí ón bpobal a lorg. Nuair a bheidh na páirtithe leasmhara go léir sásta leis an Scéim Teanga cuirfidh an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim Teanga ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Teanga. Tá gach doiciméad a chuirfear amach chuig na mic léinn aistrithe go Gaeilge agus gach foirm a bhíonn le comhlánú. Tá leagan Gaeilge den ardán foghlama *Moodle* réidh. Tá 25 árasán ar an gcampas curtha i leataobh le bheith ina n-árasáin Lán-Ghaeilge i mBloc ar leith agus tá 27 mac léinn ionchasacha tar éis árasáin a chur in áirithe cheana féin go sealadach.

I láthair na huair tá an Institiúid ag fiosrú na bhféidearthachtaí maidir le deis a thabhairt don fhoireann tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht i dtreo dheireadh an tsamhraidh.

- **Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, 2019:** Tá nuashonrú á dhéanamh ar bhonn leanúnach le Leabharlann na hInstitiúide maidir leis na leabhair thagartha ar leith a mbeidh gá ag na mic léinn leo ar an gcéim. Tá tairiscint déanta ag COGG cabhrú leis an Institiúid áiseanna a cheannach - leaganacha Gaeilge de théacsleabhair bhunscoile sna hábhair churaclaim éagsúla, leabhair mhóra agus fíor-ábhar léitheoireachta (úrscéalta i nGaeilge do pháistí) agus araile. Tá an Institiúid an-bhuíoch de COGG as an tairiscint seo.
- **17 Meitheamh, 2019:** Beidh cruinniú eolais agus pleanála ar 17 Meitheamh de léachtóirí (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) a bheidh ag tabhairt léachtaí ar an gcéim sa chéad bhliain den chéim sa bhliain acadúil atá romhainn, 2019/2020.